Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Deireadh Fómhair 2024
(OR. en)

14339/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0222 (NLE)**

FISC 190
ECOFIN 1119

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2009/791/CE lena n údaraítear do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine beart a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an...**

**lena leasaítear Cinneadh 2009/791/CÉ**
**lena n-údaraítear do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine beart a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE**
**maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1], agus go háirithe Airteagal 395(1), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

1 IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE rialaítear ceart na ndaoine inchánacha an cháin bhreisluacha (CBL) a ghearrtar ar sholáthairtí earraí agus seirbhísí a úsáideann siad chun críocha a n-idirbheart cáinmhuirearaithe a asbhaint. Údaraíodh don Ghearmáin beart speisialta a thabhairt isteach lena mbeartaítear a eisiamh ón gceart asbhainte an CBL a ghearrtar ar earraí agus ar sheirbhísí a mbíonn níos mó ná 90 % dá n-úsáid d'úsáid phríobháideach daoine inchánach nó d'úsáid phríobháideach a gcuid fostaithe, nó go ginearálta, chun críoch neamhghnó nó gníomhaíochtaí neamheacnamaíocha ('an beart speisialta').

(2) Le Cinneadh 2000/186/CE ón gComhairle[2], údaraíodh don Ghearmáin bearta speisialta a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagail 6 agus 17 de Threoir 77/388/CEE[3] ón gComhairle go dtí an 31 Nollaig 2002. Le Cinneadh 2003/354/CE ón gComhairle[4], údaraíodh don Ghearmáin an beart speisialta a chur i bhfeidhm, de mhaolú ar Airteagal 17 de Threoir 77/388/CEE, go dtí an 30 Meitheamh 2004. Le Cinneadh 2004/817/CE ón gComhairle[5], cuireadh síneadh leis an údarú go dtí an 31 Nollaig 2009.

---

[2] Cinneadh ón gComhairle an 28 Feabhra 2000 lena n-údaraítear do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine bearta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagail 6 agus 17 den Séú Treoir 77/388/CEE maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais - comhchóras cánach breisluacha: bonn aonfhoirmeach measúnaithe (IO L 59, 4.3.2000, lch. 12).

[3] An Séú Treoir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais — Comhchóras cánach breisluacha: bonn aonfhoirmeach measúnaithe (IO L 145, 13.6.1977, lch. 1).

[4] Cinneadh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2003 lena n-údaraítear don Ghearmáin beart a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 17 den Séú Treoir 77/388/CEE maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais (IO L 123, 17.5.2003, lch. 47).

[5] Cinneadh ón gComhairle an 19 Samhain 2004 lena n-údaraítear don Ghearmáin beart a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 17 den Séú Treoir 77/388/CEE maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais (IO L 357, 2.12.2004, lch. 33).

(3) Le Cinneadh 2009/791/CE ón gComhairle[6] údaraíodh don Ghearmáin an beart speisialta a chur i bhfeidhm, de mhaolú ar Airteagal 168 de Threoir 2006/112/CEE, go dtí an 31 Nollaig 2012.

(4) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/705/AE ón gComhairle[7], leasaíodh Cinneadh 2009/791/CE, lenar údaraíodh don Ghearmáin an beart speisialta a chur i bhfeidhm, de mhaolú ar Airteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE, go dtí an 31 Nollaig 2015. Cuireadh síneadh leis an údarú sin ina dhiaidh sin le Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2428[8], (AE) 2018/2060[9] agus (AE) 2021/1776[10] ón gComhairle.

(5) Tá Cinneadh 2009/791/CE le dul in éag an 31 Nollaig 2024.

---

6 Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/791/CE ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2009 lena n-údaraítear do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine beart a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 283, 30.10.2009, lch. 55).

7 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Samhain 2012 lena leasaítear Cinneadh 2009/791/CE agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1013/AE lena n-údaraítear don Ghearmáin agus don Ostair faoi seach leanúint de bheart a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 319, 16.11.2012, lch. 8).

8 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2428 ón gComhairle an 10 Nollaig 2015 lena leasaítear Cinneadh 2009/791/CE agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2009/1013/AE lena n-údaraítear don Ghearmáin agus don Ostair faoi seach leanúint de bheart a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 334, 22.12.2015, lch. 12).

9 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2060 ón gComhairle an 20 Nollaig 2018 lena leasaítear Cinneadh 2009/791/CE lena n-údaraítear don Ghearmáin leanúint de bheart a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 329, 27.12.2018, lch. 20).

10 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1776 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Cinneadh 2009/791/CE lena n-  údaraítear don Ghearmáin leanúint de bheart a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 360, 11.10.2021, lch. 112).

(6) Le litir a chláraíodh leis an gCoimisiún an 19 Feabhra 2024, d'iarr an Ghearmáin údarú chun leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm. Bhí tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an bhirt speisialta ag gabháil leis an iarraidh sin, lena n-áirítear athbhreithniú ar an ráta cionroinnte a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an gceart CBL a asbhaint mar a cheanglaítear le hAirteagal 2 de Chinneadh 2009/791/CE ón gComhairle. D'iarr an Coimisiún mínithe breise ar an nGearmáin an 26 Márta 2024 agus fuarthas freagra an 27 Márta 2024.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, tharchuir an Coimisiún an iarraidh a rinne an Ghearmáin chuig na Ballstáit eile le litreacha dar dáta an 27 Bealtaine 2024. Le litir dar dáta an 28 Bealtaine 2024, thug an Coimisiún fógra don Ghearmáin go raibh an fhaisnéis riachtanach ar fad aige chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh.

(8) Dar leis an nGearmáin, tá léirithe go bhfuil an beart speisialta an-éifeachtach maidir le bailiú CBL a shimpliú agus imghabháil cánach agus seachaint cánach a chosc. Leis an mbeart speisialta, laghdaítear an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí agus ar údaráis chánach, ós rud é nach bhfuil aon ghá le faireachán a dhéanamh ar úsáid na n-earraí agus na seirbhísí ina dhiaidh sin a raibh feidhm ag an eisiamh ón asbhaint maidir leo tráth a n-éadála. Ba cheart, dá bhrí sin, údarú a thabhairt don Ghearmáin leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2027.

(9) I gcás ina measfaidh an Ghearmáin go mbeidh gá síneadh a chur leis an mbeart speisialta tar éis 2027, ba cheart di iarraidh ar shíneadh a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta 2027. Ba cheart tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an bhirt a bheith ag gabháil leis an iarraidh sin, lena n-áiritear athbhreithniú ar an ráta cionroinnte arna chur i bhfeidhm.

(10) Ní dheanfaidh an beart speisialta dochair d'acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2009/791/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 2 de Chinneadh 2009/791/CE:

*'Airteagal 2*

Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 31 Nollaig 2027.

Déanfar aon iarraidh ar shíneadh a chur leis an mbeart speisialta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta 2027.

Beidh tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an bhirt speisialta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo ag gabháil leis an iarraidh dá dtagraítear sa dara mír, lena n-áirítear athbhreithniú ar an ráta cionroinnte arna chur i bhfeidhm ar an gceart CBL a asbhaint ar bhonn an Chinnidh seo.'.

*Airteagal 2*

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht Chónaidhme na Gearmáine.

Arna dhéanamh in/sa ..., ...

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*